Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 42

# Forbairt Tuaithe agus Pobail

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

***Bunaíocht Roinne nua***

Rinne an Rialtas an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a bhunú i mí Iúil 2017. De bharr gur Roinn nua atá inti, ní féidir comparáid a dhéanamh idir táirgeacht caiteachais na Roinne ina iomláine le comparadóir ó 2016. Déantar comparáid ar leibhéal cláir de, áfach (Nótaí 3 agus 4 den chuntas).

Dlitear barrachas €24.7 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

***An tAistriú d'Fheidhmeanna***

Ullmhaíodh an cuntas de réir na Meastachán Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2017, tar éis don Roinn Forbartha Tuaithe agus Poiblí a bheith bunaithe agus tar éis na feidhmeanna seo a leanas a bheith aistrithe:

- an t-aistriú den Údarás Rialála Carthanas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) a bhfuil feidhm aige ó 26 Iúil 2017 (I.R. 348 ó 2017)
- an fheidhm gnóthaí tuaithe a aistriú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) a bhfuil feidhm aige ó 26 Iúil 2017 (I.R. 354 ó 2017).
- feidhmeanna forbartha poiblí a aistriú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Vóta 34) a bhfuil feidhm aige ó 26 Iúil 2017 (I.R. 357 ó 2017).

De réir na socruithe cuntasaíochta i eagtha amach ag Rannóg Chuntasaíochta Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léirítear sna Meastacháin Athbhreithnithe do 2017 aistriú d'fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine.

Léirítear sa Chuntas Leithreasa, nach mór dó cloí le cruth agus le formáid an mheastacháin ábhartha, an t-aistriú thuasluaite de na feidhmeanna ar bhonn bliana iomláine.

Cuimsítear an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le táirgeadh cuntas leithreasa chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

Agus mé ag déanamh an ráiteas seo, aithním go bhfuil dúshlán ar leith a bhaineann le bunaíocht Roinne nua, bunaithe ar fheidhmeanna aistrithe ó Ranna eile, a tharla i mí Iúil 2017. Bhí an Roinn ag brath ar chórais a bhí i bhfeidhm sna Ranna sin a thug faoi na feidhmeanna sin sula sannadh don Roinn seo iad.

Maidir le feidhmeanna airgeadais, párolla, acmhainní daonna agus TF, bhí na feidhmeanna sin curtha ar fáil ar bhonn gníomhaireachta ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ag an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannas i rith 2017. Dá réir sin, bhraith siad ar an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ar na rialaithe agus ar na córais iniúchadh atá san Oifig sin chun seirbhísí acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil mar sheirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá an tOifigeach Cuntasaíochta den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialaithe a oibriú laistigh de na Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte litir dearbhuithe don Roinn ina ndéantar cur síos ar an dul chun cinn maidir leis an bpróiseas dearbhaithe iniúchta a chur i bhfeidhm.

Tógaim ráthaíocht ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Faoin am seo, tá an Roinn ag obair leis an Oifig Seirbhísí Comhroinnte chun a feidhm párolla féin a chruthú mar chuid den fheidhm Seirbhísí Comhroinnte. Táthar ag súil go mbeidh sé seo curtha i bhfeidhm faoi lár-2018.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

Mar chuid den aistriú ón Roinn lena raibh siad roimhe seo, lean an fhoireann ar aghaidh ag déanamh a ndualgais maidir le cláir a bhí i bhfeidhm roimhe seo sna hiar-Ranna. Tá baill foirne nua atá earcaíochta tar éis do bhunaíocht na Roinne tar éis a bheith sannaithe do na folúntais a bhain leis na cláir seo, agus i struchtúr corparáideach na Roinne.

Is féidir liom a dheimhniú mar chuid den phróiseas aistrithe,

- go bhfuil dualgais airgeadais tar éis a bheith leithdháilte ar leibhéal bainistíochta agus gurb ionann an méid cuntasachta a sanntar leis na dualgais sin.
- go bhfuil socruithe tuairiscithe curtha i gcrích ag gach leibhéal de réir mar atá an freagracht as bainistiú airgeadais sannaithe.
- go mbaineann an Roinn úsáid as an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS), i measc nithe eile, chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais agus scileanna cuntasaíochta. Ansin eagraítear nó faightear an oiliúint riachtanach de réir mar is cuí.
- go bhfuil córais in áit chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

Tá an Roinn tar éis tús a chur le próisis chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn na córais rialaithe inmheánaigh, chun a áirithiú go bhfuil rialaithe leordhóthanacha i bhfeidhm.

Bhunaigh an Roinn Coiste Iniúchta i Nollaig 2017 chun comhairle a thabhairt dom maidir leis na dualgais atá agamsa i dtaca le comhlíonadh an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach de ghnásanna riaracháin agus de thuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann lena réitítear buiséad bliantúil a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú leanúnach air.
- go ndéanann an bhainisteoireacht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha di.
- go raibh an Roinn ag brath, in 2017, ar an obair a bhí déanta ag na Ranna eile a raibh feidhmeanna de chuid na Roinne seo á nglacadh acu roimhe seo, feidhmeanna a bhí bainteach le sainaithint agus bainistiú riosca. Chuir an Roinn tús le córas bainistíochta um riosca foirmeálta in 2018. Tá an bhainistíocht riosca ag éirí níos lárnaí i bpróisis straitéiseacha ghnó na Roinne de réir a chéile. Déantar é seo trí chláir riosca, pleananna straitéiseacha agus gnó agus spriocanna aonair PMDS.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Nuair a bunaíodh an Roinn, bhí na freagrachtaí as seirbhísí TFC na Roinne á láimhseáil ar bhonn gníomhaireachta ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta go dtí gur tháinig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) ina áit ag láimhseáil na bhfreagrachtaí ó Mhárta 2018. Is aonad é OGCIO laistigh de D/PER a thugann comhairle polasaí go ginearálta ar TFC agus cuireann seirbhísí TFC ar fáil do roinnt Ranna, lena n-áirítear Caiteachas Poiblí, Athchóiriú, Airgeadas agus anois Forbairt Tuaithe agus Pobail. D’aontaigh an Roinn Meabhrán Tuisceana le OGCIO maidir leis na seirbhísí a chuireann OGCIO ar fáil don Roinn seo.
- Maidir le treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmeálta bainistíochta tionscadail, bhí an Roinn ag brath ar na próisis a bhí i bhfeidhm sna Ranna roimhe seo, agus forbróidh sé a próisis maidir leis seo in 2018.

Deimhníonn an Roinn go bhfuil béim oiriúnach ar dhea-chleachtas maidir leis an gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a dheimhniú go gcomhlíontar le gach treoirlíne ábhartha. I mí Iúil 2017, ghlac an Roinn páirt i dtionscadal comhpháirteach leis an bhForas Airgeadais Shóisialta, chun tacú le Comhpháirtíocht Taighde chun taighde spriocdhírithe agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a dhéanamh leis an earnáil fhiontair shóisialta. Meastar gurbh ionann costas an tionscadail agus €97,000 (lena n-áirítear CBL), le ranníocaíocht na Roinne de thart ar €48,500. D'iarr an Roinn comhairle ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun a fháil amach an bhfuil gá le comhpháirtíocht taighde den chineál seo a chur ar tairisceana. Ag cuimhneamh go raibh an chomhpháirtíocht taighde atá beartaithe cómhaoinithe ag an Roinn agus an Foras araon agus bhí sé beartaithe ag an dá pháirtí torthaí na comhpháirtíochta taighde a chur ar fáil go poiblí, chuir an OGP in iúl don Roinn nach raibh na comhpháirtíochtaí taighde beartaithe faoi réir na gceanglas de Threoir 2014/24 / CE maidir le soláthar agus go bhféadfaí dámhachtain dhíreach conartha, gan próiseas soláthair fhoirmiúil, a dhéanamh sa chás seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Mar chuid d'fheidhmeanna próisis aistrithe, thug na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus Cirt agus Comhionannais faoi na feidhmeanna maidir le párolla, TFC agus idirbhearta airgeadais, agus de bharr sin bhí siad faoi réir próisis iniúchta agus rialaithe laistigh de na Ranna sin.

Tá mo Roinn tar éis iniúchóir inmheánaigh a earcú a bhfuil an taithí agus an oiliúint iomchuí aige chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanamh. Feidhmeoidh an aonad iniúchadh inmheánach de réir cairt a rinne mé é a fhormheasadh i mí Márta 2018. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta, ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Mar chuid d'fheidhm an iniúchta inmheánaigh a fhorbairt, cuirfidh mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar iarchúram ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Mar chuid den phróiseas aistrithe, i 2017 bhí an Roinn ag brath ar chreat riosca agus rialaithe a bhí i bhfeidhm sna Ranna siúd a rinne feidhmeanna roimhe seo atá sannta leis an Roinn seo anois.

I 2018, tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí á forbairt ag an Roinn a aithníonn na príomh rioscaí don Roinn agus beidh siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Bhunaigh an Roinn Coiste Riosca freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras bainistíochta riosca agus a chur i bhfeidhm. Tuairiscíonn an Coiste chuig Bord Bainistíochta (BB) na Roinne. Déantar an clár a athbhreithniú agus a uasdátú de réir mar a theastaítear, ach déantar é a uasdátú go foirmiúil ar a laghad faoi dhó in aghaidh na bliana. Beidh toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

I 2017, bhí an Roinn ag brath go suntasach ar phróisis le haghaidh monatóireacht agus athbhreithniú a bhí á ndéanamh ag na Ranna a thug faoi na feidhmeanna atá a dhéanamh ag an Roinn seo.

I 2018, rinne mé nósanna imeachta foirmeálta a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil próisis i bhfeidhm chun príomh-rioscaí agus na rialaithe lena mbaineann a aithint agus beidh próisis curtha in áit chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh chun a córais rialaithe inmheánaigh a fhorbairt i 2018, lena n-áirítear trí, inter alia, iniúchóir inmheánach a earcú, Coiste Iniúchta na Roinne a oibriú, agus córais Bhainistíochta Riosca na Roinne a chur i bhfeidhm.

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

28 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2018

# Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | |
| A | Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnach | 80,364 | 54,873 |
| B | Forbairt Pobail | 77,798 | 77,139 |
| C | Údarás Rialála Carthanas | 4,466 | 3,992 |
| | **Ollchaiteachas** | **162,628** | **136,004** |
| | *Lúide* | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **15,886** | **21,662** |
| | **Glanchaiteachas** | **146,742** | **114,342** |

**Barrachas**

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | **2017** |
|---|---|
| | **€** |
| Barrachas | 32,399,966 |
| Géilleadh iarchurtha | (7,700,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **24,699,966** |

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

28 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 130,318 |
| Pá | | 4,954 |
| Caiteachas eile | | 732 |
| **Ollchaiteachas** | | **136,004** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **21,662** |
| **Glanchaiteachas** | | **114,342** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (40) | |
| Dímheas | 1 | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | — | |
| | | (39) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (6,429) | |
| Méadú ar stoc | (3) | (6,432) |
| **Caiteachas díreach** | | **107,871** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2 |
| Measchíosanna | | 260 |
| **Glanchostas an chláir** | | **108,133** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i leith Vóta 42 a iompraíodh in áit eile.

| | | **2017** |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| Vóte 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2 |
| | | **2** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **41** |
| | | |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | | 7,990 |
| Stoic | | 3 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,444 |
| Ioncam fhabhraithe | | 4,150 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **14,587** |
| | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fhabhraithe | | 165 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.3 | 7,693 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | | 297 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **8,155** |
| | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 6,432 |
| **Glansócmhainní** | | **6,473** |
| | | |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **6,473** |

### 2.1 Cuntas chiste an Stáit

| | Nóta | €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — |
| | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | | 146,742 |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | | (24,700) |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | | (7,700) |
| Vóta glan | | | 114,342 |
| | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh áit eile | 1.1 | | 2 |
| Caiteachas nach airgead tirim é - measchíos | 1 | | 260 |
| Glanluach na sócmhainni aistrithe | 2.2 | | 2 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (108,133) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | | | **6,473** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | — | — | — | — |
| Aistrithe isteach | 558 | — | 7 | 565 |
| Breiseanna | 28 | 7 | 5 | 40 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 586 | 7 | 12 | 605 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | — | — | — | — |
| Dímheas ar aistrithe | 558 | — | 5 | 563 |
| Táille dhímheasa don bhliain | 1 | — | — | 1 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 559 | — | 5 | 564 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **27** | **7** | **7** | **41** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | — | — | — | — |

## 2.3 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | **2017** |
|---|---|
| | **€000** |
| | |
| Barrachas le géilleadh | 24,700 |
| Géilleadh iarchurtha | 7,700 |
| Deontas neamhtharraingte ón Státchiste | (24,707) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **7,693** |
| | |
| **Ionadaithe ag:** | |
| | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 7,990 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — |
| | 7,990 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (297) |
| | **7,693** |

## 2.4 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2017** |
| --- | --- |
| | **€000** |
| Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 601 |
| SICAP | 40,228 |
| LEADER | 208,427 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe de réir dlí** | **249,256** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Sa nóta seo a leanas, déantar anailís ar an gcaiteachas riaracháin faoin Vóta agus achoimre ar na fáthanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin leithroinnte idir dhá chlár A & B, le costais chláir iomlán a chur i láthair. Bhí an caiteachas riaracháin a tabhaíodh maidir le Clár C ar an íosmhéid.

| | | | **2017** |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 5,715 | 4,954 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 292 | 239 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 146 | 108 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 121 | 36 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 810 | 333 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 76 | 16 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú luach ar airgead agus ar bheartas | 8 | — |
| | | **7,168** | **5,686** |

**Athruithe suntasacha**

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €0.810 milliún, toradh: €0.333 milliún.

Bhí an coigilteas de €0.477 milliún (-59%) ar threalamh oifige agus ar sheirbhísí seachtracha TF go príomha mar thoradh ar an maoil a bhí ann maidir le haistriú na Roinne nua go dtí na hoifigí i bPointe na Tríonóide. Toisc nach tharla an bogadh seo go dtí Márta 2018, bhí costais trealaimh oifige agus costais TF laghdaithe agus dá bharr sin, bhí costais chaiteachais i 2017 sa réimse seo ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnach

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 3,315 | 3,129 | 2,946 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 944 | 390 | 929 |
| A.3 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 4,326 | 2,058 | 432 |
| A.4 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2,495 | 1,412 | 1,639 |
| A.5 | Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe | 15,283 | 14,568 | 24,794 |
| A.6 | LEADER – fochlár eacnamaíochta tuaithe | 30,000 | 14,421 | 9,989 |
| A.7 | Comórtas na mBailte Slachtmhara | 1 | 1 | 1 |
| A.8 | Athnuachan bailte agus sráidbhailte | 12,000 | 882 | 9,880 |
| A.9 | Leathanbhanda tuaithe, forbairt eacnamaíochta réigiúnach | 2,000 | 1,051 | 1,089 |
| A.10 | Scéimeanna feabhsúcháin áitiúla | 10,000 | 16,961 | — |
| | | **80,364** | **54,873** | **51,699** |

**Athruithe suntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €25.5 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Bhí €0.74 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus iarmhéid na difríochta de €24.76 milliún de bharr seo a leanas go príomha:

*A.3 Bearta na gCuntas Díomhaoin*

Soláthar mheastacháin: €4.326 milliún, toradh: €2.058 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €2.268 milliún ann i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nár thosaigh bearta áirithe na gcuntas díomhaoin a thugann tacaíocht d’eagraíochtaí bunaithe sa phobal sa bhealach lena rabhthas ag súil leis.

*A.4 Coimisiún Forbartha an Iarthair*

Soláthar mheastacháin: €2.495 milliún, toradh: €1.412 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €1.083 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr srianta dlíthiúla ar an gCoimisiún maidir le deontais chaipitil a eisiúint.

*A.6 LEADER – fochlár eacnamaíochta tuaithe*

Soláthar mheastacháin: €30 milliún, toradh: €14.421 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €15.579 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr an riachtanas le haghaidh Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAGanna) chun tograí tionscdail a ullmhú. Tá tréimhse nádúrtha ann idir tréimhse conarthaí a shíniú le LAGanna, forbairt iarratais tionscadail agus soláthar deiridh na dtionscadal formheasta.

*A.8 Athnuachan Bailte agus Sráidbhaile*

Soláthar mheastacháin: €12 milliún, toradh: €0.882 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €11.118 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin. Níor fhógraíodh tionscadail rathúla faoi Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile go dtí Deireadh Fómhair 2017, tar éis go raibh measúnacht déanta ar na hiarratais go léir. Tá sé beartaithe go mbeadh na hiarratais go léir críochnaithe roimhe sin, ach bhí moill ann i gcur i gcrích na measúnachtaí mar gheall ar bhunú an roinn nua, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus mar gheall ar an aistriú d'fheidhmeanna ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

*A.9 Leathanbhanda tuaithe, forbairt eacnamaíochta réigiúnach*

Soláthar mheastacháin: €2 milliún, toradh: €1.051 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €0.949 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin mar gheall ar mhoill sa chonradh a shíniú maidir le Leathanbhanda ardluasa tuaithe rud a chiallaigh nach bhféadfaí sruthanna oibre a bhí beartaithe ag an rialtas a chur chun cinn.

*A.10 Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla*

Soláthar mheastacháin: €10 milliún, toradh: €16.961 milliún.

Bhí an farasbarr ar chaiteachas de €6.961 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin (a bhí ar bhonn virement ceaduithe ó Leader A6) mar gheall ar infheistíocht bhreise ar oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre beaga tuaithe príobháideacha den chuid is mó. Rinneadh an obair laistigh de chomhthéacs sainchúram foriomlán chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 2,326 | 1,825 | 4,138 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 496 | 342 | 467 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (Crannchur Náisiúnta) | 12,687 | 12,991 | 11,267 |
| B.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Crannchur Náisiúnta)[1] | 42,230 | 42,511 | 42,224 |
| B.5 | An coiste forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | 1,615 | 715 | — |
| B.6 | RAPID/ACPIF[2] | 5,000 | 4,962 | 32 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 5,750 | 2,120 | 803 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 800 | 959 | — |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 1,007 | 1,007 | 657 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 3,852 | 7,628 | 2,735 |
| B.11 | Ciste áiseanna pobail | 2,000 | 2,000 | — |
| B.12 | Seirbhísí eile | 35 | 80 | 61 |
| | | **77,798** | **77,140** | **62,384** |

[1] SICAP - Déantar foráil le Clár Infheidhmithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Agus Pobail (SICAP) 2018 - 2022 do mhaoiniú chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta trí chaidreamh gníomhach áitiúil a dhéanamh agus trí chomhpháirtíochtaí a chruthú idir daoine aonánacha atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí earnála poiblí.

[2] ACPIF- Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (ACPIF). I 2017 rinneadh foráil leis an gClár ACPIF nuachruthaithe do thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí atá ag dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus don iarracht feabhas a chur ar chaighdeán na beatha i gceantair ina bhfuil na daoine faoi mhíbhuntáiste i gceantair uirbeacha agus i mbailte tuaithe ar fud na tíre.

**Athruithe suntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €0.658 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Bhí €0.655 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus taispeántar san iarmhéid de na fo-cheannteidil atá fágtha ina ndiaidh na difríochta de €0.003 milliún de réir mar atá leagtha amach thíos:

*B.5 An coiste forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)*

Soláthar mheastacháin: €1.615 milliún, toradh: €0.715 milliún.

Cuireann an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil seo maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla mar chuidiú le costas na n-acmhainní foirne le haghaidh ról pobail leathnaithe a eascraíonn as an bpróiseas athchóirithe rialtais áitiúil. Bhí sábháil i gcaiteachas de €0.9 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr an mhoill le cuid de na poist seo a líonadh.

*B.7 Bearta na gcuntas díomhaoin*

Soláthar mheastacháin: €5.750 milliún, toradh: €2.120 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €3.63 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin mar gheall ar tharraingt anuas níos moille, ná mar a bhíothas ag súil le, den Tionscnamh Tairseach (bunaithe ar éileamh) ag na húdaráis áitiúla agus maoileanna maidir le Tionscnamh Fostaíochta Óige faoi Mhíbhuntáiste a bhunú.

*B.10 Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne*

Soláthar mheastacháin: €3.852 milliún, toradh: €7.628 milliún.

Rinne an farasbarr ar chaiteachas de €3.776 milliún, (a bhí ar bhonn virement ceaduithe ó Leader A6) i gcomparáid le soláthar an mheastacháin tionscnamh de mheaisíní féinriara i leabharlanna a thacú, de réir Straitéis na Leabharlainne 2018 go 2022.

## Clár C Údarás Rialála Carthanas

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 74 | — | — |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 13 | — | — |
| C.3 | Údarás Rialála Carthanas | 4,379 | 3,992 | 2,708 |
| | | **4,466** | **3,992** | **2,708** |

**Athruithe suntasacha**

*C3 Údarás Rialála Carthanas*

Soláthar mheastacháin: €4.379 milliún, toradh: €3.992 milliún.

Bhí sábháil i gcaiteachas de €0.474 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin mar gheall ar choigilteas ar chostais chláir a bhaineann le pá in Údarás Rialála Carthanas.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ilghnéitheacha | 50 | 112 | 1,485 |
| 2. | Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 5,000 | 17,065 | 2,284 |
| 3. | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 480 | 8 | 503 |
| 4. | Cuntais díomhaoine – caiteachas cláir | 10,076 | 4,178 | 803 |
| 5. | SICAP - ionchuimsiú sóisialta agus an Clár um Ghníomhaíocht Phobail | — | 2 | 181 |
| 6. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair | 280 | 297 | 3,172 |
| | | **15,886** | **21,662** | **8,428** |

**Athruithe suntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €5.776 milliún níos mó ná an meastachán.

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

2 *LEADER Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe*

Soláthar mheastacháin: €5 milliún, toradh: €17.065 milliún.

Go bunúsach, is de bharr an fháltais de ghné choinneála de 5% (€13.8m) ó chlár LEADER 2007-2013 in Eanáir 2017 go raibh an farasbarr de €12.065 milliún ann. Bhí súil leis, i dtosach, go bhfaighfí é in 2016.

Tá iomlán an fháltais A-in-A do 2017 roinnte idir an Seanchlár de 2007-2013 (€13,798,837.27) agus an gclár reatha, Clár 2014-2020 (€3,265,765.95).

Leis an bhfigiúr seo cuimsítear an fáltas uile ón AE maidir le héilimh a cuireadh isteach (éilimh faoin gClár reatha agus an coinneáil de 5% tar éis do dhúnadh an tseanchláir), aisíocaíochtaí a fuarthas ó Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (LAGS) i leith iarmhéideanna tacaíochta ullmhúcháin nár caitheadh agus aisíocaíochtaí a fuarthas ó LAGS agus/nó ó thionscnóirí tionscadal maidir le fiachais a tabhaíodh faoi Chlár 2007-2013.

3 *An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas*

Soláthar mheastacháin: €0.480 milliún, toradh: €0.008 milliún.
Bhí na fáltais mheastacháin bunaithe ar an ionchas a bhí ann go mbeadh comhchistiú ag teacht ón Eoraip, rud nár tharla, cé go bhfuiltear ag súil go tarlóidh amhlaidh sna blianta beaga amach romhainn.

4 *Cuntais díomhaoine – caiteachas cláir*

Soláthar mheastacháin: €10.076 milliún, toradh: €4.178 milliún.

Baineann an t-easnamh le haisghabháil laghdaithe ó Chistí na gCuntas Díomhaoine mar bhí caiteachas clár faoi bhearta cuntais díomhaoine níos lú ná mar a measadh.

# Nóta 5 Líon na bhfostaithe agus Pá

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 |
|---|---|
| **Líon na mball foirne de chuid na Roinne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **109** |

## 5.2 Pá

| | 2017 |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá | 4,621 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 53 |
| Ragobair | 5 |
| ÁSPC an Fostóra | 275 |
| **Pá iomlán** | **4,954** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2017 |
|---|---|---|---|
| | | | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 9 | 2 | 13,589 |
| Ragobair agus tinreamh bhreise | 9 | — | 2,050 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 3,055 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail

Ba iad ró-íocaíochtaí tuarastail ag 31 Nollaig 2017 ná €11,319 maidir le sé chás. Tá socruithe á ndéanamh faoi láthair chun pleananna téarnaimh a chur i bhfeidhm.

# Nóta 6 Ilghnéitheacha

## 6.1 Maoiniú AE

San áireamh leis an gcaiteachas léirithe i bhfotheidil A.6 agus B.8 tá íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Seo a leanas meastacháin ar mhaoiniú agus ar chaiteachais AE, bunaithe ar rátaí caiteachais agus cómhaoinithe:

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.6 | LEADER – Fochlár Eacnamaíochta | 8,000 | 7,473 | 613 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin & Athmhuintearas | 680 | 815 | — |
| | | **8,680** | **8,288** | **613** |

## 6.2 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus deonach (cómhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 8,221 | 8,570 | 7,285 |
| B.4 | SICAP agus forbartha áitiúla/réigiúnacha (cómhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,100 | 2,522 | 3,005 |
| | | **10,321** | **11,092** | **10,290** |

## 6.3 Tabhairt ar aghaidh go dtí 2018

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh € 7.7 milliún i leithdháileadh gan chaite maidir le heilimintí caipitil ó fhotheideal A8 Athnuachan bailte agus sráidbhailte ar aghaidh go dtí 2018.

## 6.4 Díscríobh

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun €29,595 a dhíscríobh maidir le mí-úsáid airgid i 2008 faoin gClár Forbartha Áitiúil agus Pobail.

## Aguisín A Cuntais de chomhlachtaí agus de chistí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail ar dheireadh Mhárta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Faighte ag an Roinn | Curtha faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 12 Eanáir 2018 | 1 Feabhra 2018 |
| Pobal | 2016 | 30 Meith 2017 | 4 Iúil 2017 | 6 Iúil 2017 |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 9 Feab 2018 | — [a] |
| Údarás Rialála Carthanas | 2016 | 19 Nollaig 2017 | 20 Nollaig 2017 | 1 Feabhra 2018 |

[a] Curtha faoi bhráid an Oireachtais ar 26 Iúil 2018